



TOGHCHÁIN EORPACHA

I gcomhar le chéile ar son na hEorpa
Vótáil i dtoghcháin an Aontais 2024!

6 – 9 Meitheamh 2024

Uain chinniúnach don Eoraip is ea na Toghcháin Eorpacha atá ar na bacáin agus a bheidh ar siúl idir **an 6 agus an 9 Meitheamh 2024**: beidh an deis ag thart ar 370 milliún saoránach de chuid an Aontais 720 Feisire de Pharlaimint na hEorpa a thoghadh chun ionadaíocht a dhéanamh do mhuintir an Aontais Eorpaigh. Tá tábhacht le gach vóta chun todhchaí na hEorpa a mhúnlú.

Bíonn tionchar ag polaitíocht na hEorpa ar ghnáthshaol na saoránach uile ar fud an Aontais, agus téann dlíthe an Aontais i ngleic le saincheistanna tábhachtacha, amhail an comhshaol, an tslándáil, an imirce, beartais shóisialta, cearta tomhaltóirí, an geilleagar, an smacht reachta agus go leor eile.

I gcás daoine óga go háirithe, tá an tAontas Eorpach ina chuid dhílis dá saol anois. Mar Pholaitoírí Tofa Óga ón leibhéal réigiúnach nó áitiúil san Aontas agus sna tíortha is iarrthóirí, tacaímid le brí Eorpach an daonlathais agus na rannpháirtíochta. Is iad ár gcathracha agus ár réigiúin a chuireann 70 % de reachtaíocht an Aontais chun feidhme agus bíonn tionchar ag cúrsaí an Aontais orainn ar bhonn laethúil.

Is deis iad na toghcháin chun seasamh ar son an daonlathais san Eoraip! Sin é an fáth a bhfuilimid ag iarraidh ort:

**Do ghlór a úsáid ar son an
daonlathais agus vótáil i
dtoghcháin an Aontais 2024!**



European Committee
of the Regions

COR-2024-01674-00-00-INFO-TRA (EN) 1/2

| BertelsmannStiftung

Eolas fúinn: Is líonra é **Clár na bPolaiteoirí Tofa Óga** (YEP) de pholaiteoirí 35 bliana d'aois agus níos óige a bhfuil sainordú acu ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil san Aontas agus i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas. Cuirtear deis ar fáil d'ionadaithe óga na hEorpa i gClár na bPolaiteoirí Tofa Óga, clár atá á mhaoiniú go hiomlán ag Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR), a dtuairimí a chur in iúl ar leibhéal an Aontais.